An Dámhachtain Taistil agus Oiliúna, 2020

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Le haghaidh gníomhaíochtaí atá le tarlú in 2020 agus sin amháin

An Dámhachtain Taistil agus Oiliúna: seicliosta don iarratas

Úsáid na seicliostaí thíos chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas ar Dhámhachtain Taistil agus Oiliúna comhlánaithe go hiomlán.

Míreanna atá éigeantach i gcás gach iarratais **(seiceáil gach ceann de na míreanna seo)**

- ☐ Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
- ☐ Tá CVanna NÓ próifílí atá cothrom le dáta ullmhaithe agam do gach duine agus do gach eagraíocht a bhfuil baint acu leis an iarratas seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam (mar a shonraítear i gcuid 1.7 thíos) agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.

Míreanna atá éigeantach i gcás iarratais áirithe **(seiceáil iad siúd a bhaineann le d'iarratas)**

- ☐ Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí (mar shampla seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachais) do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm. Agus iarratas á dhéanamh agat, caithfidh tú a chur in iúl cé acu a bhaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo nó nach mbaineann. Má fhreagraíonn tú 'Tá' ar an gceist seo san fhoirm iarratais agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat. Tá tuilleadh eolais ar www.tusla.ie.
- ☐ Tá obair le daoine soghonta i gceist le mo thogra, agus tá admháil go gcloím leis na *Beartais agus Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-Úsáide* ar www.hse.iecurtha isteach agam.
- ☐ Tá obair le hainmhithe i gceist mar chuid de mo thogra, agus tá cóip den cháipéis *Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint agus Leas Ainmhithe* de mo chuidse nó de chuid m'eagraíochta curtha isteach agam.

Míreanna eile atá ábhartha do m'iarratas, dar liom **(seiceáil iad siúd a bhaineann le d'iarratas)**

- ☐ Braitheann mo thogra ar shaineolas daoine nó eagraíochtaí ainmnithe eile, agus tá doiciméad ina sonraítear na daoine sin agus a gcuid saineolais réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Áirítear le mo thogra ábhar eile atá ábhartha maidir le m'iarratas agus atá réidh le huaslódáil agam.

An dara tuairim **(seiceáil an mhír seo)**

- ☐ D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos
- Má tá cabhair uait maidir leis an méid atá i d'iarratas, cuir glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar 01 6180200 nó cuir ríomhphost chugainn ag awards@artscouncil.ie
- Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le Adrienne Martin, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01 6180219) nó trí ríomhphost (adrienne.martin@artscouncil.ie) trí seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta.

1. Maidir leis an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna

1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Níl aon spriocdhátaí foirmiúla ann don Dámhachtain Taistil agus Oiliúna. Glactar le hiarratais ar bhonn leanúnach nuair atá buiséad ar fáil laistigh den fhoirm ealaíne nó den réimse cleachtas ealaíon lena mbaineann. Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an bhfoireann ábhartha laistigh den Chomhairle Ealaíon má tá ceist ar bith agat faoi iarratas a dhéanamh ar an dámhachtain sin.

Féach freisin: Tá sonraí faoi na huasmhéideanna a ghabhann le foirmeacha ealaíne éagsúla leagtha amach i gcuid **1.9**: **Tosaíochtaí agus critéir mheasúnaithe d'fhoirmeacha ealaíne, do chleachtais ealaíon, d'fhéilte agus d'Ionaid Ealaíon ar leith**.

Moltar d'iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta le haghaidh na ndeiseanna incháilithe go léir, lena n-áirítear cúrsaí foirmiúla (cúrsa iarchéime nó cúrsa eile ar comhchéim leis), a n-iarratas a chur isteach chomh luath agus is féidir roimh an dáta a bhfuil sé i gceist acu dul ag taisteal, ach nach déanaí ná **ceithre** seachtaine roimh an dáta a bhfuil sé i gceist acu dul ag taisteal. Ní féidir leis an gComhairle Ealaíon measúnú a dhéanamh ar iarratais a fhaightear níos lú ná ceithre seachtaine roimh an dáta a bhfuil sé i gceist ag duine dul ag taisteal. Ní mór d'iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta ón tsraith, an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir), a gcuid iarratais a chur isteach ceithre seachtaine ar a laghad roimh an gcruinniú le comhpháirtí.

Sa bhliain 2020, déanfar Dámhachtainí Taistil agus Oiliúna a thairiscint sna réimsí seo a leanas:

• Ailtireacht	• Amharclannaíocht	• An Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir)
• Ceol	• Ceoldrámaíocht	• Damhsa
• Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)	• Féilte	• Ionaid Ealaíon
• Litríocht	• Na hAmharc-ealaíona	• Na hEalaíona Sráide agus Seónna
• Na hEalaíona Traidisiúnta	• *Rannpháirtíocht sna hEalaíona	• Scannán
• Sorcas		

*Tá na comhthéacsanna a leanas san áireamh: an tsláinte, míchumas, an éagsúlacht chultúrtha, daoine breacaosta agus/nó pobail áite nó pobail chomhspéise.

1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Tá trí phríomhshraith sa Dámhachtain Taistil agus Oiliúna agus gabhann cuspóirí agus tosaíochtaí éagsúla le gach ceann acu. Cuirtear síos orthu sraith ar shraith.

Féach freisin: Gabhann a gcritéir féin le foirmeacha éagsúla ealaíne agus cleachtais ealaíon laistigh den Dámhachtain Taistil agus Oiliúna – féach ar chuid **1.9: Tosaíochtaí agus critéir mheasúnaithe d'fhoirmeacha ealaíne, do chleachtais ealaíon, d'fhéilte agus d'Ionaid Ealaíon ar leith**.

Sraith 1: Taisteal agus Oiliúint Amach

Is é cuspóir na dámhachtana Taistil agus Oiliúna Amach ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus as deiseanna forbartha gairmiúla eile thar lear (lasmuigh d'Oileán na hÉireann). Cuirtear an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil faoin tsraith seo. Is é an tosaíocht ina leith sin ná cleachtas ealaíon an duine féin a fhorbairt, lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht i ndeiseanna oiliúna aonuaire, i gcúrsaí nó i máistir-ranganna speisialta.
- I measc na samplaí eile de dheiseanna forbartha gairmiúla, tá tionscadail ghearrthéarmacha taighde, scéimeanna cónaitheachta, rannpháirtíocht i gceardlanna, intéirneachtaí (seachas sna hamharc-ealaíona), cláir mheantóireachta, freastal ar chomhdhálacha/sheimineáir, agus araile.

Ní thacóidh an dámhachtain le hoiliúint fhoirmiúil iarchéime **ach amháin** sa chás ina dtaispeántar go soiléir go bhfuil an cúrsa nó an deis a roghnaíodh de chineál agus/nó ar leibhéal nach bhfuil ar fáil in Éirinn (d'fhéadfadh éagsúlachtaí idir na foirmeacha ealaíne a bheith i gceist). Ní mór d'iarratasóirí fianaise a thabhairt gurb amhlaidh an cás.

Sraith 2: Taisteal agus Oiliúint Isteach

Is é an cuspóir atá leis an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna Isteach ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine nó d'eagraíochtaí ar mian leo cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ón gcoigríoch (lasmuigh d'oileán na hÉireann) chun oiliúint nó meantóireacht ar leibhéal ard a chur ar fáil le haghaidh forbairt ghairmiúil ealaíontóirí agus daoine eile atá ag obair go gairmiúil sna healaíona in Éirinn.

Sa chás inar mian le duine aonair nó le heagraíocht saineolaithe dá leithéid a thabhairt isteach ó thar lear, is féidir leis an duine nó an eagraíocht iarratas a dhéanamh chun costas taistil agus lóistín an aoi (na n-aíonna) idirnáisiúnta a íoc.

Íocfar na costais sin tar éis na cuairte, tar éis don duine nó don eagraíocht admhálacha a chur ar fáil. Ní mór d'iarratasóirí ainm an aoi a lua agus ní mór dóibh sonraí maidir leis an oiliúint nó leis an meantóireacht atá le cur ar fáil a sholáthar.

Sraith 3: Dámhachtain Taistil um an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir)

Ní thacaíonn an Dámhachtain Taistil um an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir) ach le hiarratais ó eagraíochtaí ealaíon i bPoblacht na hÉireann a bhfuil sé ar intinn acu tograí a chur isteach le haghaidh maoiniú ón AE faoi shraith na dTionscadal Comhoibrithe den Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir) 2014–20. Tá sé i gceist go gclúdóidh an dámhachtain cuid de na costais a bhaineann le cruinnithe duine le duine le heagraíochtaí comhpháirtíochta san Eoraip, agus ní thabharfar tacaíocht maidir le costais chúrsaí ná le costais oiliúna. Maidir le gach iarratas tionscadail ar an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir), ní féidir le heagraíochtaí ach iarratas amháin a dhéanamh faoin dámhachtain seo.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith ábalta a léiriú go bhfuil an líon riachtanach comhpháirtithe trasnáisiúnta aitheanta acu agus gur féidir leo iarratas a dhéanamh ar an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir). Ní mór sonraí a sholáthar faoina dtionscadal beartaithe agus faoina bpríomh-chomhpháirtithe. Beidh ar iarratasóirí a léiriú freisin cad é an leibhéal rannpháirtíochta atá acu faoi láthair leis na comhpháirtithe atá beartaithe. Is dócha nach rachaidh maoiniú a bheidh á thairiscint faoin Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir) os cionn €2,000 agus, i bhformhór na gcásanna, beidh sé níos ísle ná sin. Tabharfar tús áite d'iarratais ina léirítear go bhfuil an eagraíocht tiomanta don tionscadal.

Níl tionscadail scannáin incháilithe chun tacaíocht a fháil faoin Dámhachtain Taistil um an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir).

Cuireann straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/).

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá na Dámhachtainí Taistil agus Oiliúna ar fáil do na daoine seo a leanas:

Sraith	Cé atá incháilithe
1. Taisteal agus Oiliúint Amach	Ealaíontóirí agus daoine eile a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann agus a oibríonn go gairmiúil sna healaíona nó in eagraíochtaí ealaíon agus in Ionaid Ealaíon (tá eisceachtaí i bhfeidhm, féach ar chuid 1.4).
2. Taisteal agus Oiliúint Isteach	Daoine agus eagraíochtaí ealaíon, lena n-áirítear féilte agus Ionaid Ealaíon (tá eisceachtaí i bhfeidhm, féach ar chuid 1.4).
3. Dámhachtain Taistil um Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir)	Eagraíochtaí ealaíon i bPoblacht na hÉireann a bhfuil sé ar intinn acu iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú faoi shraith na dTionscadal Comhoibrithe den Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir) 2014–20 agus a bhfuil na comhpháirtithe riachtanacha cinntithe acu.

De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go dtugtar faoi bhearta beartais dhearfaigh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó bheith ar dhuine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannas deiseanna a

chinntiú. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear ach gan teorainn do na tréithe thuasluaite.

Cé hé an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra. Mar shampla, má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, níor mhór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, faoin ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla amhail Mary Barry nó Máire Barry.

1.4 Cé nach bhfuil incháilithe chun iarratas a dhéanamh?

Áirítear na daoine seo a leanas leo siúd nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair
- **Sraith 1 Taisteal agus Oiliúint Amach:** daoine atá fostaithe ag eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon
- **Sraith 2 Taisteal agus Oiliúint Isteach:** eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon.
- **Le haghaidh shraith 3 amháin** – eagraíochtaí:
    - Nach bhfuil an líon riachtanach comhpháirtithe sainaitheanta acu.
    - Nach bhfuil sé i gceist acu togra a chur isteach ar mhaoiniú faoi shraith na dTionscadal Comhoibrithe den Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir).

Ní bhfaighidh iarratasóir ach Dámhachtain Taistil agus Oiliúna amháin in aon bhliain féilire amháin.

1.5 Céard air ar féidir leat iarratas a dhéanamh

Cuimsíonn costais incháilithe costais a bhaineann leis na nithe seo a leanas: taisteal, lóistín, cothú, táillí cúrsa, táillí comhdhála, agus araile. Is scéim an-iomaíoch í seo, áfach, agus ní dhéanfar ach líon an-teoranta dámhachtainí a thairiscint. Féach ar chuid **1.9: Tosaíochtaí agus critéir mheasúnaithe d'fhoirmeacha ealaíne, do chleachtais ealaíon, d'fhéilte agus d'Ionaid Ealaíon ar leith,** toisc go bhfuil uastairseacha maoinithe i bhfeidhm i gcuid mhór acu.

Cé gur féidir le duine Dámhachtain Taistil agus Oiliúna a fháil do bhliain amháin de chúrsa atá ar siúl ar feadh roinnt blianta, ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon chinnteacht ann go gcuirfidh an Chomhairle Ealaíon tacaíocht ar fáil i gcomhair blianta eile.

Breathnóidh an Chomhairle ar chostais bhreise má bhaineann siad go sainiúil le saothar ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba chóir duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

Tabhair faoi deara: i gcás iarratas ar Dhámhachtain Taistil um an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir), níl táillí cúrsa ná táillí comhdhála incháilithe. Tá sé i gceist go gcuideoidh an dámhachtain le heagraíochtaí Éireannacha lena gcostais féin mar a bhaineann siad le cruinniú le comhpháirtithe, agus ní le costais a bhíonn ar chomhpháirtithe eile ach amháin más in Éirinn a thionólfar an cruinniú.

Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Tá difríochtaí idir na dámhachtainí éagsúla atá ar fáil le haghaidh taistil agus oiliúna ar fud na bhfoirmeacha éagsúla ealaíne agus na gcleachtas éagsúil ealaíon – chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar chuid **1.9: Tosaíochtaí agus critéir mheasúnaithe d'fhoirmeacha ealaíne, do chleachtais ealaíon, d'fhéilte agus d'Ionaid Ealaíon ar leith.** Tabhair faoi deara, áfach, gur scéim an-iomaíoch í seo agus nach ndéanfar ach líon teoranta dámhachtainí a thairiscint ar na leibhéil is airde agus gur méideanna a bheidh i bhfad níos ísle a bheidh sa chuid is mó de na dámhachtainí.

Nuair atá an méid maoinithe atá á iarraidh agat á sonrú, ní mór duit **an caiteachas** agus **an t-ioncam** a bhaineann le d'iarratas taistil agus oiliúna a chur san áireamh.

- Baineann **caiteachas** le haon chostais taistil agus oiliúna is dóigh leat a bheith ann.

- Baineann **ioncam** le haon fhoinse maoinithe atá agat (seachas Dámhachtain Taistil agus Oiliúna na Comhairle Ealaíon) atá curtha in áirithe go sonrach don taisteal agus don oiliúint a thuairiscítear i d'iarratas. Mar shampla, sa chás go bhfuil ranníocaíocht i dtreo do chaiteachais á déanamh ag eagraíocht ealaíon nó ag údarás áitiúil, ba chóir duit an ranníocaíocht sin a chur san áireamh mar ioncam i gcuid 4.2 den fhoirm iarratais. Ba chóir duit aon ranníocaíocht atá beartaithe agat a dhéanamh ó do chuid acmhainní féin a chur san áireamh mar ioncam freisin. I gcás iarratas *isteach*, sonraigh aon ranníocaíocht i dtreo na gcostas atá á déanamh ag aon duine nó ag aon eagraíocht.

Is ionann an t-uasmhéid is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir **an caiteachas** agus **an t-ioncam** a shonróidh tú, agus ní mór nach sáróidh an difríocht sin an t-uasmhéid atá luaite don fhoirm ealaíne ná don chleachtas ealaíon atá agat (ach amháin sa chás ina mbaineann sé le daoine faoi mhíchumas). Tá na huasmhéideanna do gach foirm ealaíne agus do gach cleachtas ealaíon leagtha amach i gcuid **1.9: Tosaíochtaí agus critéir mheasúnaithe d'fhoirmeacha ealaíne, do chleachtais ealaíon, d'fhéilte agus d'Ionaid Ealaíon ar leith.**

Iarrtar ort an caiteachas, an t-ioncam agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag dhá chéim le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- Sa chuid **caiteachas, ioncam agus an méid atá á iarraidh** (cuid 4) den fhoirm iarratais (figiúirí miondealaithe agus figiúirí iomlána).

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna sa dá chás, agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN.

1.6 Céard nach féidir leat iarratas a dhéanamh air

Ní mheasfar go bhfuil na nithe seo a leanas incháilithe faoin dámhachtain seo:

Gníomhaíochtaí atá ag fáil tacaíochta cheana féin	• Gníomhaíochtaí atá ag fáil maoiniú eile ón gComhairle Ealaíon cheana féin, nó atá níos oiriúnaí do scéimeanna maoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon • Gníomhaíochtaí atá ag fáil maoiniú stáit eile cheana féin nó atá níos oiriúnaí do mhaoiniú stáit eile (e.g. trí Chultúr Éireann, Screen Training Ireland, etc.)
Oideachas agus Oiliúint neamh-incháilithe	• Bunoideachas agus meánoideachas • Cúrsaí fochéime agus cúrsaí gairmoideachais • Iarratais ó scoláirí a bhfuil sé beartaithe acu an dámhachtain a úsáid chun taisteal chuig a gcuid staidéir thar lear agus uathu • Oiliúint agus forbairt ghairmiúil in Éirinn • Cúrsaí neamhghairmiúla ealaíon
Gníomhaíochtaí poiblíochta	• Taisteal thar lear nuair is é príomhchuspóir an taistil sin ná saothar a chur chun cinn nó a chur i láthair – áirítear leis sin taispeáint agus láithriú, scannáin a chur ar scáileán, reacaireacht litríochta, agus taibhiú nó rannpháirtíocht i léirithe nó in imeachtaí ealaíon. Téigh i dteagmháil le Cultúr Éireann chun tacaíocht a bhaineann leis na cineálacha seo gníomhaíochtaí a fháil • Páipéir a thabhairt ag comhdhálacha nó seimineáir (seachas i gcás ailtireachta) • Turais tiomsaithe airgid • Camchuairteanna agus grúpaí ar camchuairt
Gníomhaíochtaí tráchtála/slí bheatha	• Turais tráchtála • Taisteal chun freastal ar agallaimh i gcomhair fostaíochta • Taisteal chun freastal ar éisteachtaí • Socrúcháin le gnóthais tráchtála a bhíonn ag plé leis na healaíona nó le gnóthais eile
Gníomhaíochtaí eile	• Iarratais shiarghabhálacha – iad siúd a bhaineann le taisteal/oiliúint atá déanta ag an iarratasóir cheana féin • Costais a thabhaítear in Éirinn le linn an taistil thar lear (e.g. cíos, caillteanas ioncaim) • Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de

chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Mar aon le d'fhoirm iarratais, agus ar leithligh uaithi, le bheith incháilithe le haghaidh measúnú don Dámhachtain Taistil agus Oiliúna, **caithfidh** tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- **CV atá mionsonraithe agus cothrom le dáta** don duine atá ag déanamh iarratas ar mhaoiniú *amach.* Má tá iarratas ar mhaoiniú *isteach* á dhéanamh agat, ba chóir duit próifíl nó CV don duine a bhfuil sé beartaithe agat cuireadh go hÉirinn a thabhairt dó/di a chur leis an iarratas.
- **Samplaí** d'ardchaighdeán **de do chuid saothair**. Ba chóir go mbeadh ábhar tacaíochta físe/fuaime agus/nó scríofa san áireamh ann. Beidh an cineál ábhair a bheidh i gceist ag brath ar céard leis a bhaineann d'iarratas.
- Maidir le Damhsa, Sorcas agus Ealaíona Sráide agus Seónna, ní mór d'iarratasóirí mír físe amháin ar a laghad a chur isteach ina léirítear samplaí d'obair atá déanta acu le deireanaí (féach Na formáidí comhaid a nglactar leo faoi chuid 2.3 thíos).
- Maidir le féilte, ní mór d'iarratasóirí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu chun freastal ar imeacht bróisiúr nó cuireadh don imeacht sin a chur isteach.
- **Sonraí faoin gcúrsa agus faoin saineolas atá ag aon ealaíontóirí, daoine, grúpaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le do thogra** – go háirithe na sonraí maidir le tréimhsí cónaitheachta, ceardlanna, comhdhálacha agus iad siúd atá luaite agat i gcuid 2.4 den fhoirm iarratais. Mar shampla, má tá iarratas á dhéanamh agat chun freastal ar sheimineár thar lear, ní mór duit sonraí a áireamh faoin seimineár féin agus faoin saineolas, faoin gcreidiúnú agus faoin gcuntas teiste atá ag gach duine de cheannairí an tseimineáir nó an chomhlachta atá ag reáchtáil an tseimineáir.
- Má tá tú ag déanamh iarratais ar dhámhachtain chun deis oiliúna a ghlacadh (amhail tréimhse cónaitheachta, ceardlann nó máistir-rang), ní mór duit **litir ghlactha** ón soláthraí oiliúna a chur san áireamh a léiríonn go soiléir gur tairgeadh áit duit.
- I gcás iarratas ar shraith faoin Dámhachtain Taistil um an Eoraip Chruthaitheach (Fochlár Cultúir), ní mór duit na rudaí seo a leanas a chur isteach:
  - Próifílí cuideachtaí na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta go léir atá beartaithe
  - Fianaise go bhfuil tú ag céim forbartha, ó thaobh iarratais ar an gclár, an Eoraip Chruthaitheach (beidh cur síos mionsonraithe ar an togra le cur isteach ar mhaoiniú faoin Eoraip Chruthaitheach)
  - Fianaise ar an leibhéal rannpháirtíochta atá agat faoi láthair le comhpháirtithe beartaithe.

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip den cháipéis *Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* de do chuid a chur ar fáil.

Measfar nach mbeidh d'iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach isteach.

1.8 Na róil chomhlántacha atá ag an gComhairle Ealaíon agus ag Cultúr Éireann

Níl Dámhachtain Taistil agus Oiliúna na Comhairle Ealaíon deartha chun tacú le healaíona na hÉireann a chur i láthair thar lear. Sa chás gur mian le healaíontóir Éireannach nó le heagraíocht ealaíon Éireannach a gcuid oibre a chur os comhair lucht féachana idirnáisiúnta nó páirt a ghlacadh in imeachtaí thar lear a chruthóidh tuilleadh deiseanna chun a gcuid oibre a chur i láthair thar lear, ba chóir dóibh dul i dteagmháil le Cultúr Éireann, an comhlacht Stáit a chuireann ealaíona na hÉireann chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta.

Is é Cultúr Éireann atá i mbun *See Here*, scéim a thugann tacaíocht d'ealaíontóirí Éireannacha agus d'eagraíochtaí ealaíon Éireannacha ar mian leo cuireadh a thabhairt do chláraitheoirí, do láithreoirí, do choimeádaithe, do thionscnóirí nó do léirmheastóirí idirnáisiúnta chun saothar nua Éireannach a fheiceáil (in áit a bhfuil réimse saothair á chur i láthair, e.g. ag féile, go hiondúil) d'fhonn é a chur i láthair go hidirnáisiúnta ina dhiaidh sin.

Bíonn an Chomhairle Ealaíon agus Cultúr Éireann i dteagmháil le chéile maidir le cúrsaí ina bhfuil suim ag an dá chomhlacht chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtach, agus ní gnách dóibh araon maoiniú a thabhairt do thionscadal nó d'imeacht amháin seachas más comhfhiontar atá ann. Is faoin iarratasóir atá sé príomhchuspóir an tionscadail a aithint agus iarratas a dhéanamh ar an ngníomhaireacht chuí: an Chomhairle Ealaíon i gcomhair forbairt ghairmiúil agus Cultúr Éireann chun saothair a chur i láthair agus a chur chun cinn. Is iad seo a leanas sonraí teagmhála Chultúr Éireann:

Cultúr Éireann
An Tríú hUrlár, 23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 3905
Ríomhphost: info@cultureireland.gov.ie
Suíomh gréasáin: http://www.cultureireland.ie

1.9 Tosaíochtaí agus critéir mheasúnaithe d'fhoirmeacha ealaíne, do chleachtais ealaíon, d'fhéilte agus d'Ionaid Ealaíon ar leith

Seo a leanas cur síos ar na critéir nó ar na tosaíochtaí d'fhoirmeacha ealaíne nó do na cleachtais ealaíon ar leith laistigh den Dámhachtain Taistil agus Oiliúna.

Ailtireacht

Maidir leis an ailtireacht, tabharfar tús áite d'iarratais ó ailtirí ar mian leo freastal ar chúrsaí aitheanta, ar cheardlanna oiliúna nó ar shainranganna a chuirfidh le forbairt a gcleachtais chruthaithigh. Is féidir le hailtirí cur isteach chomh maith ar mhaoiniú chun cur i láthair a dhéanamh ag comhdháil má léirítear go mbeadh rannpháirtíocht in imeacht mar sin ábhartha d'fhorbairt a gcleachtais chruthaithigh.

Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoin Ailtireacht.

Amharclannaíocht

In Amharclannaíocht, tacóimid le hiarratais trína gcuirfear ar chumas ealaíontóirí amharclannaíochta gairmiúla a bhfuil cuntas teiste follasach acu a gcleachtas leanúnach a fhorbairt trí thabhairt faoi obair idirnáisiúnta – e.g. freastal ar fhéilte/imeachtaí idirnáisiúnta chun aithne agus taithí a fháil agus/nó athnuachan a dhéanamh ar an eolas agus ar an tuiscint atá acu ar chleachtas amharclannaíochta idirnáisiúnta comhaimseartha; am a chaitheamh ag féachaint ar an obair atá idir lámha ag ealaíontóirí/compántais idirnáisiúnta; deis a thapú a bheith rannpháirteach i gceardlann/gcónaitheacht/máistir-rang. Tabharfar tús áite d'iarratais ó ealaíontóirí atá ag obair lasmuigh de chomhthéacs compántais mhaoinithe ar féidir leo a léiriú go soiléir go bhfuil an fhéile/an t-imeacht aitheanta ábhartha dá gcleachtas agus dá bhforbairt ghairmiúil.

TABHAIR FAOI DEARA: in Amharclannaíocht, ní bhreithneofar iarratais ar oiliúint iarchéime fhoirmiúil thar lear.

Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Amharclannaíocht.

Ceol

Maidir leis an gCeol, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó thaibheoirí, ó stiúrthóirí agus ó chumadóirí gairmiúla ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus forbairt ghairmiúil ardleibhéil thar lear. Ní thugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí acadúla ach amháin má bhaineann siad go sainiúil le cleachtas gairmiúil ealaíon a fhorbairt.

Ní mór d'iarratasóirí comhaid fuaime de shaothar a chur isteach.

Is é €3,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Cheol.

Ceoldrámaíocht

Maidir leis an gCeoldrámaíocht, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó amhránaithe agus ó chleachtóirí ceoldrámaíochta eile (mar shampla répétiteurs, stiúrthóirí) ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus forbairt ghairmiúil ardleibhéil thar lear. Tabharfar tús áite d'iarratais a bhaineann le stiúideonna ceoldrámaíochta idirnáisiúnta.

Nuair is infheidhme, ní mór d'iarratasóirí comhaid fuaime dá gcuid saothair a chur isteach.

Ní thugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí acadúla ach amháin má bhaineann siad go sainiúil le cleachtas gairmiúil ealaíon a fhorbairt.

Is é €3,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Cheoldrámaíocht.

Damhsa

Maidir le Damhsa, tabharfaimid tús áite d'ealaíontóirí damhsa atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí cruthaithe, a bhíonn ag obair go neamhspleách ar struchtúr cuideachta maoinithe. Tabharfaimid tús áite go háirithe d'iarratais ó dhaoine a léiríonn conas a chuirfidh an tionscnamh oiliúna atá beartaithe acu lena bhforbairt ealaíonta agus conas a bhaineann an tionscnamh leis an gcéim sin dá bhforbairt ghairmiúil. Beidh cuntas teiste an iarratasóra agus an cumas atá aige/aici an bonn eolais damhsa in Éirinn a mhéadú ina ghné lárnach sa phróiseas measúnaithe. Tá tograí ó ealaíontóirí damhsa ar mian leo tabhairt faoi scéimeanna cónaitheachta gearrthéarmacha thar lear incháilithe freisin.

Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Dhamhsa.

Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)

Maidir le cleachtais ealaíon lena bhfuil baint ag Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas, ní mór gur ealaíontóirí gairmiúla agus/nó cleachtóirí ealaíon gairmiúla iad na hiarratasóirí a léiríonn go bhfuil taithí acu ar eispéiris ealaíonta ar ardchaighdeán a fhorbairt agus/nó a chur ar fáil le haghaidh leanaí agus daoine óga nó in éineacht leo. Cuirfear fáilte freisin roimh iarratais ó ealaíontóirí/chleachtóirí óga atá ag tosú amach (ocht mbliana déag d'aois agus níos sine agus nach bhfuil i mbun léinn go lánaimseartha) a léiríonn go bhfuil taithí acu a bheith ag gabháil do na healaíona mar rannpháirtithe óga, agus ar mian leo anois a dtaithí ghairmiúil a fhorbairt ar mhaithe le heispéiris ealaíon a fhorbairt agus/nó a chur ar fáil le haghaidh leanaí agus daoine óga nó in éineacht leo. Tabharfar tús áite d'iarratais ina léirítear go soiléir conas a thabharfaidh an deis tacaíocht do chleachtas an duine, don saothar agus/nó don fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus a mbeidh buntáiste ag baint leo do thionscadail reatha agus do thionscadail amach anseo lena mbaineann leanaí agus daoine óga in Éirinn.

Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi DÓLO.

Féilte

I gcás Féilte, tabharfar tús áite d'iarratais ar dhámhachtainí amach ó ionadaithe féilte, mar shampla cláraitheoirí, coimeádaithe féilte agus stiúrthóirí, ar féidir leo an chaoi a gcuirfidh a dtogra le forbairt chlár a bhféile a léiriú.

Do dhámhachtainí isteach tabharfar tús áite d'iarratais a chuirfidh ar chumas féilte caidreamh a chruthú thar lear d'fhonn a gcumas clársceidealaithe, margaíochta agus/nó feidhmiúcháin a fhorbairt.

Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Fhéilte.

Tabhair faoi deara: ní bhfaighidh féile (bíodh gur ionadaí aonair ar fhéile nó eagraíocht atá i gceist) ach Dámhachtain Taistil agus Oiliúna amháin in aon bhliain féilire amháin.

Ionaid Ealaíon

Maidir le hIonaid Ealaíon, tabharfaimid tús áite d'iarratais ar dhámhachtainí isteach a chabhróidh le hIonaid Ealaíon a saineolas clársceidealaithe, margaíochta agus/nó riaracháin a fhorbairt; agus, i gcás dámhachtainí amach, tabharfaimid tús áite d'iarratais a chuirfidh ar chumas na nIonad Ealaíon caidreamh a chruthú thar lear d'fhonn a saineolas clársceidealaithe, margaíochta agus/nó riaracháin a fhorbairt.

Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Ionaid Ealaíon.

Litríocht

Maidir leis an Litríocht, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó scríbhneoirí gairmiúla ar mian leo freastal ar chúrsaí, ar scéimeanna cónaitheachta nó ar chomhdhálacha aitheanta thar lear, a chuirfidh go soiléir lena bhforbairt chruthaitheach. Is incháilithe freisin tograí ó scríbhneoirí ar mian leo taisteal chun taighde a dhéanamh ar thionscadal liteartha. Ba chóir iarratais a bhaineann le reacaireacht thar lear agus le freastal ar mhargaí leabhar an tionscail a sheoladh chuig Cultúr Éireann.

Tabhair faoi deara: i Litríocht, níl iarratais ar oiliúint iarchéime fhoirmiúil thar lear incháilithe i gcomhair tacaíochta.

Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Litríocht.

Na hAmharc-ealaíona

Sna hAmharc-ealaíona, tabharfaimid tús áite d'iarratasóirí a bhfuil cleachtas neamhspleách acu agus a bhfuil deiseanna sainiúla sainaitheanta acu a chreideann siad a fhorbróidh a gcleachtas ealaíonta. Ní mór d'iarratasóirí a mhíniú go soiléir conas a chreideann siad go mbeidh tionchar ag an deis ar an gcur chuige a ghlacann siad maidir lena gcuid oibre. Níl oideachas iarchéime, ardoideachas neamhchreidiúnaithe ná intéirneachtaí incháilithe i gcomhair tacaíochta.

Is é €3,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi na hAmharc-ealaíona.

Na hEalaíona Sráide agus Seónna

Maidir leis na hEalaíona Sráide agus Seónna, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó ealaíontóirí gairmiúla ar mian leo freastal ar dheiseanna ardiomrá oiliúna atá bunaithe ar scileanna i dtíortha thar lear agus a chuirfidh go soiléir lena bhforbairt chruthaitheach ghairmiúil. Beidh cuntas teiste an iarratasóra agus a c(h)umas bonn eolais na n-ealaíon sráide agus seónna in Éirinn a mhéadú sa todhchaí mar ghné lárnach sa phróiseas measúnaithe.

Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi na hEalaíona Sráide agus Seónna.

Na hEalaíona Traidisiúnta

Sna hEalaíona Traidisiúnta, tabharfaimid tacaíocht d'iarratais ó thaibheoirí gairmiúla agus ó chleachtóirí eile (e.g. tionscnóirí, cumadóirí) chun tabhairt faoi oiliúint agus faoi fhorbairt ghairmiúil ardleibhéil thar lear a rachaidh chun tairbhe na n-ealaíon traidisiúnta in Éirinn. Tabharfaimid tús áite d'iarratais ó dhaoine a léiríonn go follasach conas a chuirfidh an taisteal atá beartaithe acu lena bhforbairt ealaíonta agus slí bheatha.

Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi na hEalaíona Traidisiúnta.

Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Maidir le Rannpháirtíocht sna hEalaíona, ní mheasfaimid ach iarratais ó ealaíontóirí aonair ar mian leo deiseanna thar lear a thapú a chuirfidh feabhas ar a gcleachtas comhoibríoch/rannpháirtíochta sna healaíona i réimsí amhail an tsláinte, míchumas, an éagsúlacht chultúrtha, daoine breacaosta agus pobail áite nó pobail chomhspéise. Níl oideachas iarchéime ná intéirneachtaí incháilithe i gcomhair tacaíochta. Ní chuirfear iarratais ó eagraíochtaí san áireamh.

Is iad na príomhghnéithe a úsáidfear chun an t-iarratas a mheas ná cuntas teiste an iarratasóra maidir le hobair go comhpháirteach le grúpaí agus le pobail i saothrú agus i léirmhíniú na healaíne, agus léiriú soiléir ar an gcaoi a gcuirfidh an turas feabhas ar a gcleachtas, agus cuirfear san áireamh cuntas teiste an duine nó na heagraíochta a dtabharfar cuairt air nó uirthi.

I réimse na n-ealaíon agus na sláinte, tabhair faoi deara go dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon le cleachtais ina dtugtar tús áite do thorthaí ealaíonta mar bhealach chun cur leis an tsláinte agus leis an bhfolláine, seachas do na cleachtais siúd ina bhfuil teiripe mar phríomhaidhm nó mar thoradh. Moltar d'ealaíontóirí a bhfuil a gcleachtas dírithe ar leanaí agus/nó ar dhaoine óga féachaint ar na tacaíochtaí sonracha a chuirtear ar fáil faoi *Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas* – mura bhfuiltear ag díriú an méid céanna ar a laghad ar chleachtas ó ghlúin go glúin, ar na healaíona agus an tsláinte, ar na healaíona agus míchumas, nó ar na healaíona agus an éagsúlacht chultúrtha.

Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Rannpháirtíocht sna hEalaíona.

Scannán

Maidir le Scannán, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

1. Ó ealaíontóirí scannánaíochta gairmiúla más rud é go léirítear fianaise shoiléir go bhforbródh an ghníomhaíocht a bheartaítear a gcleachtas cruthaitheach mar ealaíontóirí.
   NÓ
2. Ó dhaoine aonair a bhfuil lucht féachana á fhorbairt acu don chineama cultúrtha – e.g. mar chláraitheoirí/choimeádaithe in eagraíochtaí neamhbhrabúis nó in Ionaid Ealaíon in Éirinn. Ní mór bonn straitéiseach a bheith ag iarratais.

Ní bhreathnófar ar iarratais chun tacú leis an ngnó déanta scannán (freastal ar mhargaí scannánaíochta etc). Ba chóir iarratais chun scannáin a chur ar scáileán ag féilte thar lear a sheoladh chuig Cultúr Éireann.

Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi scannán.

Sorcas

Maidir le Sorcas, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó ealaíontóirí sorcais atá ag cleachtadh agus ar mian leo a bhforbairt ghairmiúil a chur chun cinn trí thabhairt faoi oiliúint a chuirfidh lena gcleachtas ealaíon agus a thabharfaidh buntáiste díreach d'earnáil sorcais na hÉireann. Beidh cuntas teiste an iarratasóra agus/nó an cumas atá iontu an bonn scileanna sorcais in Éirinn a mhéadú ina ghné lárnach sa phróiseas measúnaithe.

Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Shorcas.

2. D'iarratas a dhéanamh

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór duit cuntas Seirbhísí ar Líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge

Laistigh de chúig lá oibre seolfar ARN (uimhir thagartha ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat (i ríomhphost), agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

Ríomhaire	Windows 7 nó níos déanaí le Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí
Mac	Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí *le* Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí Tabhair faoi deara: Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid Firefox nó Chrome.

Tabhair do d'aire: Ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó http://openoffice.org.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid.

Nuair a úsáideadh leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer ná 4.0.1 bhí fadhbanna leis an gcuma a bhí ar na foirmeacha iarratais nuair a cuireadh isteach trí na Seirbhísí ar Líne iad.

Féach ar fhíseán na Comhairle Ealaíon *Ag úsáid OpenOffice chun an fhoirm iarratais a íoslódáil, a líonadh isteach agus a uaslódáil* ag https://www.youtube.com/user/ArtsCouncilDemos.

Ba chóir d'úsáideoirí Apple Mac aird a thabhairt go háirithe ar an gcuid a phléann leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar Apple Mac a bhfuil na leaganacha is déanaí de Mac OS suiteáilte orthu.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis 2.30pm ar an dáta deiridh roimh an spriocdháta.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais le haghaidh na Dámhachtana Taistil agus Oiliúna, 2020. Is cáipéis Word é sin, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Ní mór duit gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú. Tugtar treoir san fhoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir le cén fáth ar chóir duit maoiniú a fháil, ba chóir duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar cad a chuirfidh tú ar áireamh sna codanna seo a leanas den fhoirm:

1.7 Céim de ghairmréim	I gcomhréir le tiomantas na Comhairle Ealaíon chun tacú le healaíontóirí ag príomhchéimeanna dá ngairmréim, chuireamar ceist isteach ag fiafraí cé acu céim is fearr a dhéanann cur síos ar an gcéim ag a gceapann tú go bhfuil tú i do ghairmréim.
1.8 Comhionannas agus éagsúlacht	I gcomhréir le tiomantas na Comhairle Ealaíon i leith an Chomhionannais agus na hÉagsúlachta, mar atá leagtha amach inár mBeartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, tá roinnt ceisteanna againn thíos a chabhróidh linn tuiscint níos fearr a fháil ar na healaíontóirí agus na daoine a mbímid rannpháirteach leo.
2.1 Achoimre ar do thogra	Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra).
2.2 Sonraí faoi do thogra	Cuid lárnach de do thogra is ea an méid a scríobhfaidh tú anseo agus ba chóir go gcabhródh sé leis na daoine a bheidh i mbun measúnú ar d'iarratas tuiscint a fháil ar cad is mian leat a dhéanamh agus cén fáth. I measc na nithe a d'fhéadfaí a chur isteach, tá míniú praiticiúil ar an ngníomhaíocht atá beartaithe agat, do chuid spriocanna agus uaillmhianta ealaíonta, an mór-chomhthéacs ina bhfuil tú ag déanamh an togra, agus aon fhaisnéis eile a mheasann tú a bheith ábhartha. Ná glac leis go mbeidh taithí ag measúnóirí nó ag na daoine ar an bpainéal ar do chuid oibre.
2.3 D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe	Déan cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann d'iarratas gach ceann de na critéir mheasúnaithe don dámhachtain seo – féach ar chuid **3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú**.
4. Caiteachas, ioncam agus an méid atá á iarraidh	Bainfear úsáid as na sonraí atá curtha isteach agat anseo sa mheasúnú a dhéanfar ar indéantacht d'iarratais.

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. De ghnáth, áirítear leis sin samplaí de shaothar reatha de do chuid – e.g. téacs, físeán, íomhánna, nó taifeadtaí fuaime.

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta ar fad a chur isteach ar líne. Ní mór duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Léirítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid atá inghlactha mar chuid d'iarratas ar an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacschomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
Comhaid Adobe Acrobat Reader	.pdf

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc YouTube a chur isteach

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil ar YouTube) isteach i gcáipéis atá comhoiriúnach le Word nó le OpenOffice Writer agus uaslódáil í mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Tabhair faoi deara: ní mór go mbeadh aon naisc a chuireann tú ar fáil á n-óstáil ar YouTube. Ní fhéachfar ar naisc le suíomhanna eile óstála gréasáin.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den cháipéis a uaslódálfaidh tú – is é sin le rá, go nascann sé i gceart le d'ábhar ar YouTube.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube chun críocha d'iarratais le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d'fhíseán a ainmniú mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh measúnóirí na Comhairle Ealaíon in ann breathnú air.

Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell	russelljack iarratas taistil.doc russelljack obair idir lámha.doc russelljack gearrthóg damhsa.mp4 russelljack Beartas um Chosaint Leanaí.doc russelljack nasc youtube.doc

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

2.4 D'iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

1: Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2. Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe sparánachta atá á iarraidh agat. Ba chóir go mbeadh an méid a iarrtar cothrom le **Caiteachas Iomlán** lúide **Ioncam Iomlán**. Ba chóir go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais.

3. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agus sábháilte a uaslódáil, mar aon le do CV agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar chuid **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

4. Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart a bheith ag súil le dhá ríomhphost a fháil. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin

agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe a mbeidh an uimhir iarratais ann.

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1	Déantar an t-iarratas a admháil.
2	Seiceáiltear cáilitheacht an iarratais – cuirtear gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe.
3	Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa ar an iarratas agus molann siad ar chóir nó nár chóir tacaíocht a thabhairt dó.
4	Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.

Achar ama

Déanann an Chomhairle Ealaíon iarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir, ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, tógfaidh sé suas le ceithre seachtaine ón dáta a chuirfear isteach an t-iarratas go dtí go gcuirfear cinntí in iúl.

Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do na daoine a bhfuil baint acu le measúnú na n-iarratas (nó gnéithe eile den phróiseas cinnteoireachta – e.g. gearrliostú, ainm a chur le togra, leagan síos buiséid) leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.)

Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don bhall foirne/chomhairleoir é. Cinnteoidh an Chomhairle Ealaíon nach mbeidh baint ag an mball foirne/gcomhairleoir le haon ghné den phróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis an iarratas faoi leith.

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear an fhoirm iarratas agus an t-ábhar tacaíochta san áireamh. Déantar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcritéar seo a leanas: a) fiúntas ealaíne, b) an chaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana, agus c) indéantacht. Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

Cé go bhféadfadh iarratasóirí foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon eile a roghnú mar chinn a bhaineann lena n-iarratas, déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an bpríomhfhoirm ealaíne/cleachtas ealaíon roghnaithe measúnú ar an iarratas agus d'fhéadfaidís siúd, i gcásanna áirithe, measúnú tánaisteach a iarraidh ar fhoireann eile.

Fiúntas ealaíne

I gcás an mheasúnaithe ar an bhfiúntas ealaíne, dírítear ar chleachtas an ealaíontóra roimhe sin agus ar nádúr na gníomhaíochta atá beartaithe, chomh maith leis an méid seo a leanas:

- Caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais;
- Cuntas teiste na foirne ealaíonta a bhfuil baint acu leis an togra de réir mar atá léirithe sna CVanna agus san ábhar eile tacaíochta a cuireadh isteach
- Cumas an ealaíontóra/na n-ealaíontóirí nó an iarratasóra/na n-iarratasóirí mar atá léirithe san fhoirm iarratais agus sna hábhair eile a cuireadh isteach
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe

- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe ag an ealaíontóir.

Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déantar iarratais a mheasúnú ar cé chomh maith is a n-éiríonn leo na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana nó na scéime – féach ar chuid 1.2 le haghaidh sonraí ina leith siúd
- Na tosaíochtaí agus na critéir mheasúnaithe ar leith a bhaineann le foirmeacha ealaíne, le cleachtais ealaíon agus le hIonaid Ealaíon ar leith – féach ar chuid 1.9 le haghaidh sonraí fúthu siúd.

Indéantacht

Breathnaítear i measúnú indéantachta (nuair is cuí) ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a sheachadadh laistigh den tréimhse ama atá tugtha. Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- Na sonraí faoi chaiteachas, faoi ioncam agus faoin méid atá á iarraidh a chuireann tú isteach i gcuid 4 den fhoirm iarratais.

3.4 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.